Bileog 13.1 Déan gar dom!

Cuid A

Féach ar na samplaí seo den Mhodh Ordaitheach a bhí ann san aonad roimhe seo:

Téigh
Tiontaigh
Cas
Gabh

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus breacaigí síos samplaí eile den Mhodh Ordaitheach a úsáidtear go minic ar an chúrsa seo!

_____ _____
_____ _____
_____ _____
_____ _____

Cuid B

Lean an sampla seo chun an fhoirm dhiúltach a chruthú do na samplaí a scríobh tú i gCuid A:

Ná déan é sin	Ná habair é sin
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Cuid C

Iarr ar an duine in aice leat rudaí éagsúla a dhéanamh duit. Féach ar na samplaí thíos le smaointe a thabhairt duit!

Gabh amach an doras!

Faigh peann dom, le do thoil!

Tiontaigh thart!

Léigh an abairt sin!

Oscail an doras!

Dún an fhuinneog!

Bí i do thost!

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.2 Máire agus Jan

Cuid A

Sula n-éisteann tú leis an téip léigh an t-alt beag thíos faoi Mháire agus Jan. Scríobh na focail nach bhfuil tú cinnte fúthu sa bhosca agus pléigh leis an duine in aice leat iad.

Tá Jan bocht sa teach inar tógadh Máire. Tá sé féin agus Máire ag stopadh ann don deireadh seachtaine. Cé go bhfuil sé neirbhíseach os comhair máthair Mháire tá sé bréan den bheirt bhan ag tabhairt orduithe an t-am ar fad!

Cuid B

Féach ar na horduithe thíos. Cloisfidh tú Máire ag tabhairt orduithe do Jan ar an téip - cuir tic sna pictiúir a léiríonn na horduithe a luaitear sa chomhrá.

Ceapairí	Urlár	Cáca milis	Tábla 	Bainne agus siúcra
Cóta	Isteach	Citeal	Tóg go bog é	Cupáin

Cuid C

Scríobh féin agus an duine in aice leat gach ordú thuas i bhfocail.

1. *Cuir na ceapairí ar an tábla*_____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

© CNCE Nua

Bileog 13.3 Ar mhiste leat?

Cuid A

Féach ar na habairtí seo agus cuir in ord foirmiúlachta iad trí uimhir 1-3 a chur roimh gach abairt.

- Oscail an doras!
- Ar mhiste leat an doras a oscailt?
- An bhféadfá an doras a oscailt?

Cad iad na freagraí gonta is féidir a thabhairt ar na habairtí seo?

_____ _____
_____ _____

Cuid B

Bain úsáid as na ciorcail thíos le garanna a iarraidh ar an duine in aice leat. Ansin déanaigí rólanna a mhalartú.

Ar mhiste leat…?
An bhféadfá…?

gar
an doras
an ríomhaire
an litir
an fhuinneog
an salann
an peann
airgead
an leabhar
an ceol

a dhéanamh dom
a oscailt
a ghlanadh
a dhúnadh
a thabhairt dom
a scríobh
a chur (ar siúl)
a sheoladh chugam
a fháil dom
a chasadh síos

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.4 Ar mhiste leat?

Cuir 'Ar mhiste?' nó 'An bhféadfá?' roimh na garanna a chuala tú agus tú ag obair ar** Bileog 13.2**. Scríobh na freagraí gonta chomh maith!

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.5 (a) Ar mhiste leat? Ról A

Cuid A

- ***Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag obair le chéile – beidh ról an mhúinteora ag duine amháin agus ról an fhoghlaimeora ag an duine eile.***
- ***Is tusa an múinteoir.***
- ***Glac tamall le bheith cinnte go bhfuil tú ábalta na horduithe sa bhosca thíos a rá as Gaeilge sula dtosaíonn sibh ag obair le chéile.***
- ***Nuair atá tú réidh abair amach na horduithe don duine in aice leat. An dtuigeann sé/sí gach rud i gceart?***

Cuid B

- ***Tá an duine in aice leat ag glacadh ról an fhoghlaimeora. Iarrfaidh sé/sí garanna ortsa. An dtuigeann tú gach gar i gceart?***

Cuid C

- ***Anois déanaigí rólanna a mhalartú.***

Ról A: Múinteoir

Seo thíos na horduithe don fhoghlaimeoir:

- Take out your book
- Write it down
- Show me, please
- Say it out loud
- Work with the person beside you
- Walk around the room
- Talk to other people in the class
- Listen to the tape

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.5 (b) Ar mhiste leat? Ról B

Cuid A

- ***Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag obair le chéile - beidh ról an mhúinteora ag duine amháin agus ról an fhoghlaimeora ag an duine eile.***
- ***Tá an duine in aice leat ag glacadh ról an mhúinteora. Beidh sé/sí ag tabhairt orduithe duit. An dtuigeann tú iad ar fad?***

Cuid B

- ***Ansin tógfaidh tusa ról an fhoghlaimeora.***
- ***Glac tamall le bheith cinnte go bhfuil tú ábalta na garanna sa bhosca thíos a rá as Gaeilge sula dtosaíonn sibh ag obair le chéile.***
- ***Nuair atá tú réidh abair amach na garanna don duine in aice leat. An dtuigeann sé/sí gach rud i gceart?***

Cuid C

- ***Anois déanaigí rólanna a mhalartú.***

Ról B: Foghlaimeoir

Seo thíos na na garanna don mhúinteoir:

- Say it again slowly, please.
- Could you repeat that, please?
- Explain that, please.
- Excuse me?
- Could you write that on the board, please?
- Could you play the tape again, please?
- Could you look at this, please?
- Could you help me with this, please?

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.6 Ar mhiste leat?

Cuid A

Féach ar na freagraí seo gur féidir a thabhairt nuair a iarrann duine gar ort – an dtuigeann tú iad? An féidir leat cur leo?

Dearfach:	Cinnte!
	Fadhb ar bith!
	Cinnte dearfach!
Diúltach:	Tá brón orm ach. . .

Cuid B

Roghnaigh an abairt is fearr ón cholún ar dheis a chuireann síos ar na pictiúir ar chlé! Bí ag obair leis an duine in aice leat.

	Tá mé mall! Caithfidh mé imeacht!
	Tá coinne agam.
	Tá mé róghnóthach!
	Níl an t-am agam.
	Tá cruinniú agam.

Cuid C

Iarr ar an duine in aice leat garanna a dhéanamh duit! Beidh seisean/sise ag iarraidh garanna ortsa freisin. Bain úsáid as na leithscéalta thuas agus cinn eile de do chuid féin mar fhreagraí nuair a iarrann seisean/sise ortsa rudaí a dhéanamh.

CÉ Má Nuad

Bileog 13.7 Ar mhiste leat?

Cuid A

Éist leis na horduithe éagsúla ar an téip agus scríobh sna spásanna thíos iad:

1. _____

2. _____

3. _____

Anois scríobh na horduithe arís ach ag úsáid 'An bhféadfá. . .?'

An bhféadfá _____?

An bhféadfá _____?

An bhféadfá _____?

Cuid B

Éist leis an téip agus scríobh na freagraí do na garanna a chloiseann tú:

1. An bhféadfá teacht liom? _____

2. Ar mhiste leat an obair sin a dhéanamh? _____

3. Ar mhiste leat an litir a chur sa phost? _____

Cuid C

Éist leis an téip agus scríobh na ceisteanna a chloiseann tú:

1. _____?

Níor mhiste!

2. _____?

Gan dabht, fadhb ar bith.

3. _____?

Tá brón orm, ach tá mé róghnóthach.

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.8 An dtig liom?

Cuid A

Cad is brí leis na habairtí seo?

An bhféadfainn an fhuinneog a oscailt?
An dtig liom an doras a dhúnadh?

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat chun na hiarratais ar chlé a cheangal leis na freagraí ar dheis! Beidh sibh ag éisteacht leo ar an téip ar ball.

An dtig liom an doras a oscailt, le do thoil?	Seo dhuit!
An bhféadfainn an leabhar sin a fháil ar iasacht?	Cinnte. Tá sé cineál ard.
An bhféadfainn tuilleadh fataí a fháil, le do thoil?	Cinnte! Tá sé an-te.
An dtig liom an ceol sin a chasadh síos rud beag?	Cinnte. Ba bhreá liom deoch.
An bhféadfainn Siobhán a thabhairt liom anocht?	Ceannóidh mise lón duit.
An dtig liom labhairt le Síle, le do thoil?	Gan dabht, ach beidh sé ag teastáil uaim arís Dé Luain.
An bhféadfainn airgead a fháil ar iasacht le lón a cheannach?	Ní cheapfainn é, tá sí ró-óg.
An dtig liom pionta a cheannach duit?	Bomaite amháin, gheobhaidh mé í.

Cuid C

Éist leis an téip anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

© OÉ Má Nuad

Bileog 13.9 An bhféadfainn?

Don mhúinteoir!

Fuinneog



Airgead

Leabhar

Salann agus piobar

Ceol

Dlúthdhiosca

Labhairt le . . .

Deoch

Leithreas

Prátaí

Doras

Cuidiú

© CÉMaNua

Bileog 13.10 An dtig liom labhairt le. . .?

Cuid A

Scríobh trí abairt ag úsáid frása amháin as gach bosca.

An dtig liom. . .	labhairt leis	. . . an bhainisteoir
An féidir liom. . .	labhairt le	. . . Síle Ní Dhuinn
An bhféadfainn . . .		. . . an oifigeach Gaeilge

1. _____
2. _____
3. _____

Cuid B

Léigh amach do chuid abairtí don duine in aice leat. An raibh na habairtí céanna agaibh?

Cuid C

Bí ag obair leis an duine in aice leat arís le smaoineamh ar bhealach ar bith eile le fiafraí an bhfuil duine ar fáil ar an nguthán.

_____
_____
_____

© OÉ Múscraí

Bileog 13.11 An dtig liom labhairt le. . .?

Cuid A

Léigh na comhráite seo os ard leis an duine in aice leat. An féidir libh smaoineamh ar rud ar bith eile a bheadh úsáideach i gcomhrá mar seo?



Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí na rólghníomhaíochtaí thíos. Bainigí úsáid as *Bileog 13.10* ***agus as na frásaí ó Chuid A thuas.***

Ról 1: Máire – Ba mhaith léi labhairt le Pól an bainisteoir.
Rúnaí – Níl Pól ar fáil.

Ról 2: Sinéad – Ba mhaith léi labhairt lena máthair!
Aintín – Cinnte. . .

Ról 3: Siobhán – Ba mhaith léi labhairt le múinteoir a mic!
Rúnaí – Tá an múinteoir gnóthach.

© QÉ Mh

Bileog 13.12 Féach ar na nótaí. . .

Cuid A

Éist leis na comhráite ar an téip ina bhfuil daoine ag iarraidh labhairt le daoine eile ar an ghuthán agus cuir uimhir in aice le gach pictiúr le hord na gcomhráite a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

Tinn/breoite	San oifig	Ar an ghuthán	As láthair(1)	Líne eile
As baile	Laethanta saoire	Lón 	Ag teacht	Cruinniú

Cuid B

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh amach freagra an rúnaí i bhfocail. Tá an chéad cheann déanta duit.

An dtig liom labhairt le Síle, le do thoil?

1. *Tá brón orm ach tá sí as láthair.*_____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____
9. _____
10. _____

© OÉ Múscraí

Bileog 13.13 Féach ar na nótaí. . .

Féach ar na nótaí seo thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat le fáil amach cad is brí leo ar fad.

Sinéad,

6pm, Dé Máirt

Ar mhiste leat an t-oighean a chur ar siúl dom le do thoil ag a hocht a chlog? Cuir an fheoil isteach ansin ag leath uair i ndiaidh a hocht.

Cathal,

7am, Déardaoin

Bí cinnte an madra a chur amach ar maidin nuair a éiríonn tú. Tabhair bia dó ansin ag a naoi a chlog.

Go raibh maith agat,

do Dhaid

Paula,

11pm, Dé hAoine

Cuir an glas ar an doras nuair a thagann tú abhaile mo stór, agus múch na soilse ar fad.

Do ghrá gealxxxx

Bileog 13.14 Scríobh nótaí. . .

Cuid A

Scríobh dhá nóta sna boscaí thíos – féach ar na cinn ar *Bileog 13.13* ***chun cabhrú leat.***

_____, _____ _____ _____ _____ **Do** _____	_____, _____ _____ _____ _____ **Do** _____

Cuid B

Labhair le cúpla duine sa rang agus léigh amach an dá nóta atá agat dóibh.

Cuid C

Scríobh síos na pointí is tábhachtaí ó cheathrar a raibh tú ag caint leo sna spásanna thíos.

Duine 1: _____
_____

Duine 2: _____
_____

Duine 3: _____
_____

Duine 4: _____
_____

© OÉ M